Éire agus an tSaimbia – Difríocht á Dhéanamh le Chéile

Leibhéal: An tSraith Shóisearach	**Ábhar:** OSSP
Lesson Topic: Éire agus an tSaimbia – Difríocht á Dhéanamh le Chéile	**Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil - Cúrsa Saoránachta**

Cuspóirí Curaclaim:
Snáithe 2: **Saoránacht dhomhanda.** Sa snáithe seo fiosraíonn scoláirí saincheisteanna a bhaineann le bochtaineacht, éagothroime agus forbairt inbhuanaithe agus breathnaíonn siad ar bhealaí athrú éifeachtach a chur i gcrích.

Torthaí Foghlama
Forbairt áitiúil agus dhomhanda
- Déanfaidh na scoláirí comparáid idir sonraí ón tSaimbia agus ó Éirinn. Cloisfidh siad teistiméireachtaí pearsanta ó dhaoine atá ag fulaingt bochtaineachta nó neamhionannais sa tSaimbia agus an chaoi a bhfuil siad ag obair chun é sin a shárú le cabhair ó Chúnamh Éireann.

Athrú domhanda a chur i gcrích
- Déanfaidh na daltaí measúnú ar an gcaoi a gcuidíonn clár Chúnamh Éireann sa tSaimbia athrú domhanda a gcur i gcrích maidir le comhionannas inscne, riachtanas daonnal a laghdú, gníomhú ar son na haeráide agus rialachas neartaithe agus leis na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.

Acmhainní: Cur i láthair a dhéanann comparáid idir Éire agus an tSaimbia agus a thugann eolas ar chlár Chúnamh Éireann sa tSaimbia, scannán 8 nóiméad darb ainm *Éire agus an tSaimbia – Difríocht á Dhéanamh le Chéile*, trí bhileog oibre.

Fad: 45 nóiméad (is féidir an t-ábhar a oiriúnú chun freastal ar an tréimhse ama atá ar fáil)

Réamhrá:
Míníonn an múinteoir go bhfuil an rang chun staidéar a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn Rialtas na hÉireann, trí Chúnamh Éireann, le heagraíochtaí comhpháirtíochta sa tSaimbia chun athrú a chur i gcrích.

Forbairt:

1. Cur i láthair tosaigh

Osclaíonn an múinteoir an cur i láthair ar an tSaimbia agus ar chlár Chúnamh Éireann sa tSaimbia (10 nóiméad). Breathnaíonn an cur i láthair ar acmhainní nádúrtha sa tSaimbia, staitisticí ó Thuarascáil um Fhorbairt Dhaonna na Náisiún Aontaithe 2019, Ambasáid na hÉireann sa tSaimbia, beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta ar a dtugtar *Domhan Níos Fearr* agus a 4 Phríomhréimse Tosaíochta.

2. An Scannán - Éire agus an tSaimbia- Difríocht á Dhéanamh le Chéile (8 nóiméad)

Féachann an múinteoir agus na daltaí ar ghearrscannán faoi thacaíochtaí Chúnamh Éireann do shé eagraíocht chomhpháirtíochta sa tSaimbia. Déanann na daltaí measúnú ar an gcaoi a gcuidíonn na tacaíochtaí seo le comhpháirtithe sa tSaimbia leis na 4 Phríomhréimse Tosaíochta: comhionannas inscne, riachtanas daonnal a laghdú, gníomhú ar son na haeráide agus rialachas neartaithe a bhaint amach. Moltar don mhúinteoir an scannán a stopadh idir rannóga agus na ceisteanna ar Bhileog Oibre a hAon - **Obair Bhéil Tuisceana** a chur.

3. Gníomhaíochtaí

Bileog Oibre a Dó - 4 Réimse Tosaíochta - Obair Phéire / Obair Ghrúpa

Líon isteach Bileog Oibre a Dó le chéile. Pléigh na torthaí leis an múinteoir agus leis an ngrúpa ranga. Líon istach Bileog Oibre a Trí - Má tá am breise ar fáil, Éire, an tSaimbia agus na SFInna - Obair Phéire / Grúpa nó críochnaigh mar obair bhaile é.
Críoch: **Tar éis dóibh na gníomhaíochtaí a chríochnú, pléann na daltaí a gcuid torthaí leis an múinteoir agus leis an ngrúpa ranga.**